**AN CHOMHAIRLE EORPACH**

**An Bhruiséil, 8 Feabhra 2013**
**(OR. en)**

**EUCO 3/13**

**CO EUR 1**
**CONCL 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig : | Na Toscaireachtaí |
| Ábhar : | **AN CHOMHAIRLE EORPACH**<br>**7/8 FEABHRA 2013**<br><br>**CONCLÚIDÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle Eorpach (7/8 Feabhra 2013).

# I. TRÁDÁIL

1. Is é príomhábhar tosaíochta an AE cur leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht. Cuireann an trádáil in earraí agus i seirbhísí agus an infheistíocht go mór leis an méid sin. Le clár oibre uaillmhianach trádála, meastar go dtiocfadh méadú 2% ar an ráta fáis sa mheántéarma agus meastar go bhféadfaí 2 mhilliún post a chruthú. Chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an trádáil, ní mór don AE creat a fhorbairt don bheartas intíre, ar creat é a thacódh leis an iomaíochas, a chuirfeadh siúl faoin trádáil i seirbhísí, a neartódh bunús na tionsclaíochta san Eoraip agus a chuirfeadh le stádas na hEorpa i slabhraí luacha ar fud an domhain.

2. D'fhonn leas níos fearr a bhaint as an trádáil mar uirlis chun fás agus fostaíocht a chruthú, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an rún daingean atá ag an AE chun saorthrádáil a bheadh cothrom agus oscailte a chur chun cinn agus a leasanna á gcothú aige, i spiorad na cómhalartachta agus an chomhshocair. Le clár oibre trádála an AE, cuirfear caighdeáin an AE agus cóineasú rialála idirnáisiúnta chun cinn. Tá an AE iomlán tiomanta i gcónaí do chóras láidir trádála iltaobhaí atá bunaithe ar rialacha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar gach cineál caomhnaitheachta, lena n-áirítear caomhnaitheacht maidir le baic thrádála neamh-tharaife, a chomhrac, go n-áiritheofar rochtain níos fearr ar na margaí, go gcuirfear cúinsí infheistíochta iomchuí chun cinn lena n-áirítear na cúinsí sin a chosaint, go bhforfheidhmeofar cearta maoine intleachtúla agus go n-osclófar margaí an tsoláthair phoiblí. Táthar ag obair i láthair na huaire ar an togra maidir le rochtain ar mhargaí an tsoláthair phoiblí.

3. Áiritheoidh an AE forfheidhmiú láidir agus éifeachtach a cheart faoi na rialacha atá ann cheana, lena n-áirítear trí dhul ar iontaoibh chóras réiteach díospóide an WTO agus a ionstraimí cosanta trádála féin i gcás inarb iomchuí. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gcéad tuarascáil eile ón gCoimisiún maidir le baic ar thrádáil agus ar infheistíocht.

4. Tá an AE fós tiomanta don idirbheartaíocht faoi chuimsiú Chlár Oibre Doha um Fhorbairt na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) a thabhairt chun críche ar bhealach rathúil. Éilítear leis sin, go ndéanfaidh gach rannpháirtí san idirbheartaíocht a dhícheall, go háirithe na rannpháirtithe sin ó gheilleagair mhóra atá ag teacht chun cinn. Sa ghearrthéarma, tá sé tábhachtach go ndéanfar dul chun cinn, roimh Chomhdháil WTO na nAirí in Bali i mí na Nollag 2013, maidir le comhaontú iltaobhach i ndáil le héascú trádála, agus maidir le gnéithe eile de Chlár Oibre Doha um Fhorbairt. Rachadh an dul chun cinn sin chun tairbhe don gheilleagar domhanda agus chuirfeadh sé teannadh leis an idirbheartaíocht atá ar bhun faoi Chlár Oibre Doha. Tá an AE réidh le machnamh a dhéanamh, i gcomhar leis na comhpháirtithe, ar chlár oibre an WTO tar éis na comhdhála in Bali, lena n-áirítear Clár Oibre Doha um Fhorbairt.

5. Cuidíonn comhaontuithe ilpháirtithe agus comhaontuithe earnála le clár oibre an AE i dtaca leis an bhfás. Tá an AE ag tnúth leis an idirbheartaíocht a dhéanfar amach anseo maidir le seirbhísí agus tá sé ag súil go dtabharfar chun críche go luath an t-athbhreithniú ar an gComhaontú faoi Theicneolaíocht na Faisnéise. Ní mór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun trádáil in earraí agus seirbhísí comhshaoil a léirscaoileadh mar rannchuidiú dearfach chun dul i dtreo geilleagair a bheidh éifeachtach ó thaobh acmhainní agus a bheadh níos glaise agus níos iomaíche.

6. Cé go bhfuil an AE i gcónaí tiomanta don chóras trádála iltaobhach a fhorbairt tuilleadh, tá béim á leagan aige faoi láthair ar a chaidreamh trádála iltaobhach a fhorbairt. Féadfar cur go dearfach leis an gcóras iltaobhach leis na caidrimh sin agus ní mór go ndéanfar sin. Trí chur le rialacha an WTO agus trí oscailteacht a chur chun cinn ar bhealach níos leithne agus níos gasta, le comhaontuithe déthaobhacha an AE, féadfar an bealach a réiteach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal iltaobhach.

7. Ag tógáil ar an dul chun cinn inbhraite a rinneadh le míonna anuas i gclár oibre thrádáil dhéthaobhach an AE, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun comhaontuithe leis na príomh-chomhpháirtithe a shaothrú, agus tosaíocht á tabhairt don idirbheartaíocht sin a mbeidh an sochar is fearr i dtéarmaí fáis agus post mar thoradh uirthi. Go háirithe, déanann an Chomhairle Eorpach an méid a leanas:

(a) tá sí ag tnúth leis an tuarascáil ón Meitheal Ardleibhéil AE/SA um Phoist agus um an bhFás agus leis na moltaí a bheidh inti. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle obair leantach a dhéanamh gan mhoill i ndáil leis na moltaí sin le linn na hUachtaránachta reatha. Athdhearbhaíonn sí a tacaíocht do chomhaontú cuimsitheach trádála lenar cheart aird ar leith a thabhairt ar bhealaí chun cóineasú rialála trasatlantach níos fearr a bhaint amach;

(b) tá sí ag súil le tús a chur leis an idirbheartaíocht leis an tSeapáin ag an gcruinniú mullaigh idir an AE agus an tSeapáin atá le teacht maidir le glacadh an tsainordaithe caibidlíochta faoi dheireadh 2012;

(c) tá sí ag súil go dtabharfar an idirbheartaíocht le Ceanada i gcrích go luath amach anseo;

(d) cuireann sí in iúl go láidir, i ndáil leis an Rúis, nach mór cur chun feidhme na ngealltanas a thug sí a bheith ina phríomhthosaíocht i gcónaí, ar gealltanais iad a d'eascair as a haontachas leis an WTO. Caithfear tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh san idirbheartaíocht maidir le Comhaontú Nua cuimsitheach;

(e) tugann sí dá haire go bhfuil clár oibre an AE leis an tSín leathan agus uaillmhianach. Leis na tosaíochtaí sa ghearrthéarma, ba cheart díriú ar infheistíocht, ar rochtain ar na margaí, ar sholáthar agus ar chearta maoine intleachtúla sa ghearrthéarma agus ba cheart do na tosaíochtaí sin a bheith bunaithe ar chaidreamh cuiditheach, straitéiseach. Tá gealltanas tugtha ag an dá thaobh go gcuirfidh siad tús, go luath, leis an idirbheartaíocht maidir le comhaontú suntasach infheistíochta;

(f) meabhraíonn sí go bhfuil idirbheartaíocht leis na príomhgheilleagair atá ag teacht chun cinn tábhachtach ó thaobh an AE de:
- éilítear tuilleadh iarrachtaí leis an idirbheartaíocht leis an India;
- tar éis an idirbheartaíocht le Singeapór a thabhairt chun críche, ba cheart caidrimh thrádála le tíortha eile de chuid Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) a dhoimhniú;
- is díol sásaimh di go bhfuil rún ag an AE agus ag MERCOSUR féachaint le tairiscintí maidir le rochtain ar mhargaí a mhalartú tráth nach déanaí ná ráithe dheireanach na bliana 2013.

8. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis an méid a leanas freisin:

(a) Comhaontuithe Comhlachais, lena n-áirítear na Comhaontuithe Saorthrádála Doimhne agus Cuimsitheacha le Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Airméin ionas go gcuirfí bailchríoch orthu roimh Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir in Vilnius. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá sí an comhaontú a shíniú leis an Úcráin, agus na conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2012 á gcomhlíonadh go hiomlán;

(b) tús a chur leis an idirbheartaíocht faoi Chomhaontuithe Saorthrádála Doimhne agus Cuimsitheacha le Maracó agus dul chun cinn mear a dhéanamh maidir leis an idirbheartaíocht leis an Túinéis, leis an Éigipt agus leis an Iordáin;

(c) forbairt comhpháirtíochta athnuaite leis na tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin trí na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch a thabhairt chun críche.

## II. CAIDREAMH SEACHTRACH

### Múscailt na nArabach

9. Tá comharsanacht chomhpháirteach ag an Eoraip agus a comhpháirtithe sa Mheánmhuir Theas agus tá siad nasctha trí leas agus ábhar imní comhchoiteann. Tá rún daingean ag an AE a bheith páirteach i gcomhpháirtíocht ar chun tairbhe an dá thaobh í, lena ndíreofar ar limistéar rathúnais chomhroinnte, comhlachais pholaitiúil níos dlúithe agus lánpháirtíochta eacnamaíche forchéimnithí a bhunú agus ar an mbonn go gcloífear le luachanna uilíocha amhail an daonlathas, urraim do chearta an duine, an smacht reachta agus comhionannas inscne. Beidh ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta ó thaobh an aistrithe chuig an daonlathas. Ba cheart go bhforbrófaí an chomhpháirtíocht sin trí réimse leathan ionstraimí agus ní mór tiomantas fadtéarmach ó gach aon taobh a bheith ann.

10. Tharla athruithe ollmhóra sa réigiún le dhá bhliain anuas, leis an ngluaiseacht thábhachtach i dtreo an daonlathais a baineadh amach de thoradh Mhúscailt na nArabach. Reáchtáladh toghcháin dhaonlathacha i roinnt tíortha den chéad uair riamh agus tá bunchlocha an daonlathais á dtabhairt isteach de réir a chéile. Tacaíonn an AE go láidir leis na próisis sin agus iarrann sé ar na rialtais agus ar na fórsaí polaitiúla agus sóisialta sna tíortha lena mbaineann, leanúint dá n-iarrachtaí chun daonlathais a fhorbairt a bheadh cobhsaí agus seasmhach i réimsí eile de bhreis ar na próisis toghcháin, ar próisis shaora agus chothroma ba cheart a bheith iontu, agus chun próisis chuimsitheacha bunaithe ar idirphlé a fhorbairt.

11. Glacfaidh an t-aistriú sin i dtreo an daonlathais roinnt ama agus ní mór go gcuirfear san áireamh leis cúinsí sóisialta agus polaitiúla na sochaithe áitiúla lena mbaineann, ach ní mór dó a bheith bunaithe go soiléir ar chearta an duine, na saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint. Ag an am céanna, tá dúshláin shuntasacha shocheacnamaíocha os comhair go leor tíortha sa réigiúin agus ní mór dul i ngleic leis na dúshláin sin mar ábhar práinne d'fhonn bonn fónta don téarnamh a chur faoina ngeilleagar agus chun an t-aistriú daonlathach a chomhdhlúthú.

12. Tá an AE tiomanta go hiomlán don Chomhpháirtíocht nua sin de mheon comhúinéireachta ó thosaigh Múscailt na nArabach agus tá sé meáite ar a thacaíocht do phróisis aistrithe dhaonlathacha agus eacnamaíocha sa réigiún a fhorbairt, bunaithe ar chur chuige difreáilte lena bhfaigheadh tíortha a dhéanann iarrachtaí níos fearr i dtreo athchóirithe daonlathacha níos mó tacaíochta. Áirítear leis sin an méid seo a leanas:

(a) cúnamh don athrú daonlathach, d'fhorbairt na sochaí sibhialta, don smacht reachta, do chearta an duine, do chomhionannas inscne agus do thrédhearcacht agus d'éifeachtacht fheabhsaithe sna próisis toghcháin, lena n-áirítear trí chomhairle theicniúil agus comhar a sholáthar agus trí mhisin bhreathnóireachta toghchán a imscaradh.

(b) comhar feabhsaithe i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, go háirithe trí idirphlé maidir le himirce, le soghluaisteacht agus le slándáil agus trí chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt agus aghaidh á tabhairt ar an smacht reachta, ar athchóiriú na hearnála slándála agus ar dhúshláin bhainistíochta teorainneacha;

(c) rathúnas comhroinnte eacnamaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rannchuidiú le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, trí athchóirithe eacnamaíocha agus timpeallacht chuí don ghnó agus d'infheistíocht a chur chun cinn agus trí mhóiminteam a choinneáil maidir le Comhaontuithe Saorthrádála Substainteacha agus Cuimsitheacha, lena méadófar na deiseanna do mhalartuithe tráchtála agus d'fhás;

(d) teagmháil idir dhaoine, go háirithe maidir le malartuithe idir daoine óga san AE agus daoine óga i dtíortha comharsana an Deiscirt, go háirithe faoi chreat chlár Erasmus Mundus. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar infhostaitheacht daoine óga agus ban a chur chun cinn. Soláthróidh an Coimisiún cúnamh agus saineolas, go háirithe, chun cáilíocht an oideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú, chun malartuithe mac léinn a mhéadú tuilleadh, chun idirphlé beartais a fhorbairt maidir le hoideachas, le hinfhostaitheacht agus le gairmoiliúint agus chun malartuithe ógra a spreagadh;

(e) comhar feabhsaithe i raon leathan réimsí amhail taighde, fiontraíocht agus FBManna, talmhaíocht, iompar, lena n-áirítear seirbhísí eitlíochta agus muirí, an comhshaol, an t-athrú aeráide, fuinneamh, teileachumarsáid, forbairt acmhainní riarachán, cultúr agus roinnt faisnéise agus malartuithe idir saineolaithe maidir le próisis aistrithe.

13. Bunaíodh "tascfhórsaí" comhpháirteacha le cuid de na tíortha sin chun a áirithiú go bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhsheasmhach ag an AE. Tá sé tábhachtach freisin go n-áiritheofar sineirgí agus comhar breise idir an tacaíocht ón AE, óna Bhallstáit agus ó ghníomhaithe eile.

14. Is éard atá i gceist leis an tiomantas foriomlán atreisithe sin maoin bhreise agus tacaíocht mhacra-airgeadais a sholáthar do na tíortha atá ag aistriú. Déanfaidh an AE gach iarracht tacaíocht a thabhairt do na hathchóirithe agus freastal ar riachtanais aonair na dtíortha sin, sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Iarrtar ar an BEI leanúint de dhlús a chur ar an tacaíocht a thugann sé d'infheistíocht san earnáil phríobháideach, sa bhonneagar agus san athrú aeráide sa réigiún.

15. Ní mór féachaint freisin ar bhealaí chun an t-idirphlé polaitiúil a fheabhsú, lena n-áirítear an t-idirphlé ar an leibhéal is airde, leis na tíortha sin atá ag aistriú i dtreo an daonlathais agus chun sineirgí a chur chun cinn a bhfuil tionscnaimh réigiúnacha acu amhail an tAontas don Réigiún Meánmhuirí agus "an tIdirphlé 5+5". Tacóidh an AE leis na hiarrachtaí i dtreo tuilleadh comhtháthaithe réigiúnaigh freisin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an teachtaireacht maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhar níos dlúithe agus do lánpháirtíocht réigiúnach sa Mhagraib.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar institiúidí an AE, ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe na Meánmhara leibhéal ard iarrachta agus tiomantais a choinneáil. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún athbhreithniú a choimeád ar bun ar an gcaidreamh le Comharsanacht an Deiscirt. Iarrann sí ar an gComhairle meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht bheartais agus ionstraimí an AE lena dtugtar cúnamh don aistriú polaitiúil agus daonlathach sa réigiún agus tuarascáil a chur chuici maidir leis sin faoi mhí an Mheithimh 2013.

17. Cásaíonn an Chomhairle Eorpach an staid uafásach sa tSiria, arb í an staid is mó imní i measc na dtíortha inar saighdeadh an tsochaí iontu le Múscailt na nArabach. Iarrann sí go dtiocfaidh deireadh láithreach leis an bhforéigean agus léiríonn sí imní maidir leis na sáruithe forleathana, córasacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, a bhfuil réimeas Assad freagrach as go príomha. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le hiarrachtaí an Chomhionadaí Speisialta Brahimi teacht ar réiteach polaitiúil. Léiríonn sí go dtacaíonn sí le mianta mhuintir na Siria agus le Comhghuaillíocht Náisiúnta na Siria mar ionadaithe dlisteanacha ar mhuintir na Siria, agus cuireann sí i bhfáth go bhfuil gá le haistriú polaitiúil i dtreo todhchaí gan Assad ná a réimeas neamhdhlisteanach. Úsáidfidh an AE a chuid acmhainní ionas go gcuirfear cúnamh iomlán na Comhairle Eorpaí ar fáil do chomhdhlúthú na síochána agus do bhunú an daonlathais. Leanfaidh sé de chabhair dhaonnúil agus de thacaíocht shibhialta eile a chur ar fáil do mhuintir na Siria. Sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise staid éigeandála daonnúla, fáiltíonn an Chomhairle Eorpach roimh na gealltanais shuntasacha a rinneadh ag comhdháil ghealltanas Chuáit, spreagann sí do na Ballstáit agus don Choimisiún a ranníocaíochtaí faoi seach a mhéadú tuilleadh agus iarrann sí ar chomhpháirtithe uile na coimhlinte rochtain dhaonnúil a éascú. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur chuir sí mar chúram ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha obair a dhéanamh ar na roghanna uile chun tacú le lucht an fhreasúra agus chun cuidiú leo agus chun tacaíocht níos fearr do chosaint na saoránach a éascú. I ndáil leis sin, tugann sí dá haire go ndéanfaidh an Chomhairle measúnú agus athbhreithniú, más gá, ar an gcóras smachtbhannaí i gcoinne na Siria ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici roimh spriocdháta mhí Márta.

**Mailí**

18. Ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 31 Eanáir, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an ghníomhaíocht chinntitheach a rinne fórsaí armtha Mhailí, go háirithe le tacaíocht ón bhFrainc, ó Bhallstáit eile an AE agus ó thíortha an réigiúin, chun sláine críocha na tíre agus údarás stát Mhailí a athbhunú. Tá an AE tiomanta do thacaíocht airgeadais agus loighistic a thabhairt d'imscaradh níos gasta Mhisean Tacaíochta Idirnáisiúnta faoi stiúir na hAfraice chuig Mailí. Is bunchéim é glacadh an treochláir le haghaidh aistriú ag Comhdháil Náisiúnta Mhailí chun an daonlathas, ord bunreachtúil agus rialú sibhialtach ar na fórsaí armtha i Mailí a athbhunú agus ba cheart é a chur chun feidhme ar bhealach práinneach. Leis sin, ceadaítear athghabháil comhair Eorpaigh maidir le forbairt de réir a chéile d'fhonn freagairt go sciobtha do phríomhriachtanais Mhailí.. Tá an AE réidh chun tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an treochláir, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt don phróiseas toghcháin. Tá sé ríthábhachtach idirphlé náisiúnta cuimsitheach a athbhunú a bheidh oscailte do dhaonra an tuaiscirt agus do na grúpaí uile a dhiúltaíonn don sceimhlitheoireacht agus a aithníonn sláine na tíre. Ba cheart go ndéanfadh údaráis Mhailí na bearta uile is gá chun tuilleadh sáraithe ar chearta an duine a chosc agus chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac. Cabhróidh seoladh láithreach an Mhisin Eorpaigh Oiliúna agus imscaradh breathnóirí le húdarás sibhialta agus an meas ar chearta an duine a neartú lena léireofar meas ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an cruinniú a bhí ag an Meitheal um Thacaíocht agus Obair Leantach maidir leis an staid i Mailí an 5 Feabhra a chuir móiminteam polaitiúil le cur chun feidhme an treochláir.

## III. <u>AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL</u>

19. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile mar a leagtar amach in 37/13 é.